

**Leasú 102**

**Dimitrios Papadimoulis, Stefan Eck, Luke Ming Flanagan, Stelios Kouloglou, Kostas Chrysogonos**  
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil****A8-0175/2019****Bas Eickhout, Sirpa Pietikäinen**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin****Airteagal 13***Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún**Leasú*

## Airteagal 13

## Airteagal 13

Is éard a bheidh sna coimircí íosta dá dtagraítear in Airteagal 3(c) nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an ngnóthas a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch á déanamh aige lena áirithiú go gcloífead leis na prionsabail agus na cearta a leagtar amach sna hocht gcoinbhinsiún bhunúsacha a shainaithnítear i ndearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Cearta agus Prionsabail Bhunúsacha ag an Obair, eadhon: maidir leis an gceart gan bheith faoi réir saothar éignithe, le saoirse comhlachais, le ceart oibrithe i dtaobh eagrúcháin, leis an gceart chun cómhargála, le luach saothair comhionann d'oibrithe fireanna agus d'oibrithe baineanna ar obair a mbaineann luach comhionann léi, le neamh-idirdhealú maidir le deiseanna agus cóir i dtaobh fostaíochta agus slí bheatha, chomh maith le ceart leanáí gan bheith faoi réir saothar leanáí, *déantar iad a urramú.*

*1.* Is éard a bheidh sna coimircí íosta dá dtagraítear in Airteagal 3(c) nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an ngnóthas a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch á déanamh aige lena áirithiú go gcloífead leis na *prionsabail a liostaítear in Iarscríbhinn Ia.*

*1a.* *Na coimircí íosta, déanfaidh an gnóthas atá ag déanamh gníomhaíochta eacnamaíche iad a chur chun feidhme, le sár dhícheall.*

*1b.* *Na coimircí íosta, beidh siad i gcomhréir le Prionsabail Threoracha na*

*Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus le Treoir Díchill Chuí OECD maidir le hIompar Gnó Freagrach (2018), agus beidh siad i gcomhréir le hIarscríbhinn Ia. Sa chomhthéacs seo, ciallaíonn dícheall cuí an nós imeachta nó sraith de nósanna imeachta a dhéanann gnóthais chun go bhféadfaidh siad an chaoi a dtugann siad aghaidh ar thionchair dhiúltacha, fhéideartha nó iarbhír ar chearta an duine a shainaithint, a chosc, a mhaolú agus a chur san áireamh, lena n-áirítear cearta daonna na n-oibrithe, i gcomhthéacs ghníomhaíocht eacnamaíoch an ghnóthais, slabhraí soláthair agus caidreamh gnó.*

*1c. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun an tAirteagal seo a fhorlíonadh trí chritéir a shonrú ar mhaithe lena chinneadh an bhfuiltear ag cloí le ceanglais an Airteagail seo. Nuair a bheidh an gníomh tarmligthe sin á tharraingt suas ag an gCoimisiún, breithneoidh sé na prionsabail a liostaítear in Iarscríbhinn Ia. Déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2020.*

Or. en

20.3.2019

A8-0175/103

**Leasú 103**

**Dimitrios Papadimoulis, Stefan Eck, Luke Ming Flanagan, Stelios Kouloglou, Kostas Chrysogonos, Anne-Marie Mineur**  
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil**

**A8-0175/2019**

**Bas Eickhout, Sirpa Pietikäinen**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Iarscríbhinn I a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Iarscríbhinn Ia***

***1. Déanfar an creat seo a leanas a mheas chun críche Airteagal 13:***

***(a) na prionsabail agus na cearta a leagtar amach sna hocht gcoinbhinsiún bhunúsacha a shaináithnítear i ndearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Cearta agus Prionsabail Bhunúsacha ag an Obair, eadhon: an ceart gan bheith faoi réir saothar éignithe, sairse comhlachais, ceart oibríthe i dtaobh eagrúcháin, an ceart chun cómhargála, luach saothair comhionann d'oibríthe fireanna agus d'oibríthe baineanna ar obair a mbaineann luach comhionann léi, neamh-idirdhealú maidir le deiseanna agus cóir i dtaobh fostaíochta agus slí bheatha, chomh maith le ceart leanaí gan bheith faoi réir saothar leanaí.***

***(b) an Bille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine;***

***(c) Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;***

***(d) prionsabail threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine;***

*(e) treoirlínte OECD maidir le Fiontair Ilnáisiúnta.*

*2. Déanfar an creat seo a leanas a mheas chun críche Airteagal 13 i gcás inarb ábhartha agus iomchuí:*

*(a) Prionsabail na Náisiún Aontaithe um Infheistíocht Fhreagrach - Creat Tuairiscithe;*

*(b) Treoirlínte Saorálacha EBT maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí i gcomhthéacs Shlándaíl Náisiúnta an tSoláthair Bhia;*

*(c) Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach;*

*(d) Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda, Chultúrtha agus Nádúrtha a Chosaint;*

*(e) Creat Sendai na Náisiún Aontaithe maidir le Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030;*

*(f) An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD);*

*(g) Treoir OECD – Iompar Freagrach Gnó d’Infheisteoirí Institiúideacha – Príomhghnéithe maidir le dícheall cuí faoi Threoirlínte ECFE d’Infheisteoirí Ilnáisiúnta (2017);*

*3. Maidir leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 13(1b):*

*(-a) áiritheofar leo go ndéanfar sainiú agus bainistiú na rioscaí inbhuanaitheachta a chomhtháthú go leordhóthanach sa chinnteoireacht infheistíochta, rud a chuirfidh de cheangal ar infheisteoirí tosca ESG a shainaithint, a chosc, a mhaolú agus a chur san áireamh;*

*(a) cuirfear san áireamh leo cineál agus scála oibríochtaí an ghnóthais, slabhraí soláthair agus caidrimh ghnó;*

*(b) déanfaidh siad measúnú agus tabharfaidh siad aghaidh ar thionchair dhiúltacha na gníomhaíochta eacnamaíche féin ar chearta an duine, chomh maith leis na táirgí agus na seirbhísí arna n-úsáid agus arna dtáirgeadh ag an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin, go háirithe trína dtáirgeadh, trína n-úsáid agus trí dheireadh a ré a mheas;*

*(c) beidh siad i gcomhréir le prionsabail an réamhchúraim agus beidh siad riosca-bhunaithe, rud a chiallaíonn gur i gcás leibhéal an díchill chuí arna chur i bhfeidhm, ba cheart é a bheith comhthomhaiseach le déine agus dóchúlacht na dtionchar diúltach; ba cheart aird a dhíriú ar dtús ar chosc na dtionchar diúltach, agus ansin nuair nach féidir an cosc a ghnóthú, na tionchair a mhaolú, a n-atarlú a chosc, agus iad a fheabhsú, de réir mar is ábhartha;*

*(d) tacófar leo le bearta ábhartha agus córais bhainistíochta chun cur chuige córasach, réamhghníomhach agus frithghníomhach a threisiú chun tionchair ar chearta an duine a shainaithint agus a bhainistiú go leanúnach;*

*(e) beidh siad bunaithe ar rannpháirtíocht le geallsealbhóirí, lena n-áirítear oibrithe agus daoine nó grúpaí eile dá mbainfeadh tionchair féideartha;*

*(f) soláthrófar leo faisnéis ábhartha d'infheisteoirí agus do gheallsealbhóirí eile lena chur ar a gcumas comhlíonadh na n-íoschoimircí a mheasúnú.*

Or. en

20.3.2019

A8-0175/104

**Leasú 104**

**Dimitrios Papadimoulis, Stefan Eck, Luke Ming Flanagan, Stelios Kouloglou**  
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil**

**A8-0175/2019**

**Bas Eickhout, Sirpa Pietikäinen**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 14 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. *Áiritheoidh na critéir scagtha theicniúil dá dtagraítear i mír 1 nach ndéanfar gníomhaíochtaí ginte cumhachta a úsáideann breoslaí iontaise soladacha a mheas mar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Áiritheoidh na critéir scagtha theicniúil sin nach ndéanfar gníomhaíochtaí eacnamaíocha a rannchuidíonn le héifeachtaí dian-inghlasála carbóin a mheas mar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.***

Or. en

20.3.2019

A8-0175/105

**Leasú 105**

**Dimitrios Papadimoulis, Stefan Eck, Luke Ming Flanagan, Stelios Kouloglou, Kostas Chrysogonos**  
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil**

**A8-0175/2019**

**Bas Eickhout, Sirpa Pietikäinen**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Airteagal 17

Airteagal 17

Clásal athbhreithnithe

Clásal athbhreithnithe

1. Faoin 31 Nollaig 2021 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas:

1. Faoin 31 Nollaig 2021, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm **agus tionchar** an Rialacháin seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas:

(a) an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo maidir le forbairt na gcritéar scagtha teicniúil i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de;

(a) an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo maidir le forbairt na gcritéar scagtha teicniúil **ar bhonn táscairí** i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de **agus i leith na gníomhaíochtaí sin atá díobhálach ó thaobh an chomhshaoil de;**

(b) an gá a d'fhéadfadh a bheith ann athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo i dtaobh gníomhaíocht eacnamaíoch a mheas mar ghníomhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de;

(b) an gá a d'fhéadfadh a bheith ann athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir **agus ar an liosta táscairí** a leagtar amach sa Rialachán seo i dtaobh gníomhaíocht eacnamaíoch a mheas mar ghníomhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de **nó mar ghníomhaíocht atá díobhálach ó thaobh an chomhshaoil de, chun an nuálaíocht agus an t-aistriú inbhuanaithe a éascú;**

(c) **a iomchuí atá** sé cur le raon

(c) **na céimeanna atá de dhíth agus, i**

AM\1180394GA.docx

PE635.500v01-00

feidhme an Rialacháin seo chun cuspóirí inbhuanaitheachta eile a chumhdach, go háirithe cuspóirí sóisialta;

(d) an úsáid a bhaintear as an sainmhíniú ar infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i ndlí an Aontais, agus ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear a iomchuí atá sé sásra fíoraithe a bhunú maidir le comhlíonadh na gcritéar a leagtar amach sa Rialachán seo.

***gcás inarb iomchuí, togra reachtach chun raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chun cuspóirí inbhuanaitheachta eile a chumhdach, go háirithe cuspóirí sóisialta, lena n-áirítear critéir agus táscairí a bhaineann le freagracht shóisialta chorparáideach agus an geilleagar sóisialta;***

***(ca) measúnú ar thionchar na leasuithe ar Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup> in Airteagal 17a;***

(d) an úsáid a bhaintear as an sainmhíniú ar infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***agus infheistíochtaí le tionchar díobhálach don chomhshaoil*** i ndlí an Aontais, agus ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear a iomchuí atá sé sásra fíoraithe ***breise a athbhreithniú nó*** a bhunú maidir le comhlíonadh na gcritéar ***ar bhonn táscairí*** a leagtar amach sa Rialachán seo;

***(da) an gá a d'fhéadfadh a bheith ann chun na ceanglais tuairiscithe chomhtháite a leagtar amach in Airteagal 17a (nua) a fhorbairt tuilleadh i dtaca le nochtadh faisnéise neamhairgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais mhóra áirithe agus grúpaí móra áirithe i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE;***

***(db) éifeachtacht na tacsanomaíochta maidir le hinfeistíochtaí príobháideacha a chur i dtreo gníomhaíochtaí inbhuanaithe.***

***1a. Faoin 31 Nollaig 2021, agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar raon feidhme an Rialacháin seo má chruthaíonn sé ualach róthrom riaracháin, nó mura bhfuil na sonraí is gá do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ar fáil go leordhóthanach, nó mura bhfuil an rialachán éifeachtach a dhóthain chun na sreafaí airgeadais a ailíniú go leordhóthanach le cuspóirí inbhuanaitheachta AE.***



*1b. 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur ar aghaidh ina mbeidh plean ag leagan amach an chaoi a n-ullmhaítear an measúnú chun cuspóirí sóisialta a chumhdach, amhail rannchuidiú le dul i ngleic leis an éagothromaíocht, cothú an chomhtháthaithe shóisialta, an lánpháirtithe shóisialta agus an chaidrimh oibreachais, nó infheistiú i gcaipiteal daonna nó i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste go heacnamaíoch nó go sóisialta.*

2. Cuirfear an *tuarascáil* chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Déanfaidh an Coimisiún tograí a ghabhann leis nuair is iomchuí.

2. Cuirfear na *tuarascálacha* chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Déanfaidh an Coimisiún tograí *reachtacha* a ghabhann leis nuair is iomchuí.

*1a Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara ó chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).*

Or. en

20.3.2019

A8-0175/106

**Leasú 106**

**Dimitrios Papadimoulis, Stefan Eck, Luke Ming Flanagan, Stelios Kouloglou**  
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil**

**A8-0175/2019**

**Bas Eickhout, Sirpa Pietikäinen**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 a (nua)**

Treoir 2013/34/AE

Airteagal 19 agus Airteagal 20

*An téacs atá ann*

*Leasú*

*Airteagal 17a*

*Leasuithe ar Threoir 2013/34/AE*

*Leasaítear Treoir 2013/34/AE mar a leanas:*

*(1) i bpointe (e) d’Airteagal 19(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):*

(ii) neamhchosaint an ghnóthais ar riosca praghsanna, riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca sreafa airgid thirim.

‘(ii) neamhchosaint an ghnóthais ar riosca praghsanna, riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca sreafa airgid thirim **agus rioscaí CSR;**’;

*(2) in Airteagal 19(2), cuirtear isteach na pointí seo a leanas:*

*‘(ea) an fheidhmíocht arna thomhas i gcomparáid le táscairí inbhuanaitheachta atá ábhartha don ghnó agus tionscal ar leith, bunaithe ar liosta de tháscairí inbhuanaitheachta comhchuibhithe atá le forbairt agus le nuashonrú ag an gCoimisiún, i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [IO: Cuir isteach le do thoil an tagairt don Rialachán maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú];*

*(eb) astuithe scóip 1, scóip 2 agus scóip*

3;

*(ec) feidhmíocht na ngnóthas faoi (g) i gcomparáid le cuspóirí aeráide an Aontais, chun an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2°C agus iarrachtaí a shaothrú i dtaca lena theorannú chuig 1,5°C os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha, mar a leagtar síos i gComhaontú Pháras;*

*(ed) an sciar de láimhdeachas an ghnóthais a ghintear le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chomhlíonann na critéir scagtha theicniúla faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) .../... [IO: [IO: Cuir isteach le do thoil an tagairt don Rialachán maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú];*

*(ee) an sciar de láimhdeachas an ghnóthais a ghintear le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chomhlíonann na critéir scagtha theicniúla faoi Airteagal 3a de Rialachán (AE) .../... [IO: cuir isteach le do thoil an tagairt don togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú].”;*

*(3) in Airteagal 20(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):*

(c) tuairisc ar phríomhghnéithe chórais rialaithe inmheánaigh agus bhainistithe rioscaí an ghnóthais i ndáil leis an bpróiseas tuairiscithe airgeadais;

‘(c) tuairisc ar phríomhghnéithe chórais rialaithe inmheánaigh agus bhainistithe rioscaí an ghnóthais i ndáil leis an bpróiseas tuairiscithe airgeadais **agus inbhuanaitheachta;**’;

*(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20(3):*

3. Nochtfaidh an t-iniúchóir reachtach nó an gnólacht iniúchóireachta tuairim i gcomhréir leis an dara fomhír d’Airteagal 34(1) maidir le faisnéis arna hullmhú faoi phointe (c) agus faoi phointe (d) de mhír 1 den Airteagal seo agus seiceálfaidh sé nó sí a ndearnadh an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (e), (f), (g) agus (h) de mhír

‘3. Nochtfaidh an t-iniúchóir reachtach nó an gnólacht iniúchóireachta tuairim i gcomhréir leis an dara fomhír d’Airteagal 34(1) maidir le faisnéis arna hullmhú faoi phointí (c) agus (d) de mhír 1 den Airteagal seo **agus faoi Airteagal 19(2)** agus seiceálfaidh sé nó sí an ndearnadh an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (b),

1 den Airteagal seo a sholáthar.

(e) agus (f) de mhír 1 den Airteagal seo a sholáthar. ?

Or. en

**Leasú 107**

**Dimitrios Papadimoulis, Stefan Eck, Luke Ming Flanagan, Stelios Kouloglou, Kostas Chrysogonos, Anne-Marie Mineur**  
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil**

A8-0175/2019

**Bas Eickhout, Sirpa Pietikäinen**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin****Aithris 21***Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún**Leasú*

(21) Ag meabhrú an ghealltanais chomhpháirtigh a rinne Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún chun na prionsabail atá cumhdaithe i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta a shaothrú d'fhonn tacú le fás inbhuanaithe, cuimsitheach, agus ag aithint ábharthacht chearta agus chaighdeáin íosta idirnáisiúnta an duine agus na gceart agus na gcaighdeán íosta idirnáisiúnta saothair, ba cheart nár mhór gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bheith i gcomhréir le coimircí íosta chun cáiliú mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ar an gcúis sin, níor cheart gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bheith cáilithe mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ach amháin nuair a dhéantar iad agus dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Cearta Bunúsacha agus Prionsabail ag an Obair agus na hocht groíchoinbhinsiún de chuid EIS á gcomhlíonadh. Sainítear i gcoirchoinbhinsiúin EIS cearta an duine agus cearta saothair atá cuideachtaí ceaptha a urramú. Cumhdaítear roinnt de na caighdeáin idirnáisiúnta sin freisin i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais

(21) Ag meabhrú an ghealltanais chomhpháirtigh a rinne Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún chun na prionsabail atá cumhdaithe i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta a shaothrú d'fhonn tacú le fás inbhuanaithe, cuimsitheach, agus ag aithint ábharthacht chearta agus chaighdeáin íosta idirnáisiúnta an duine agus na gceart agus na gcaighdeán íosta idirnáisiúnta saothair, ba cheart nár mhór gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bheith i gcomhréir le coimircí íosta chun cáiliú mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ar an gcúis sin, níor cheart gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bheith cáilithe mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ach amháin nuair a dhéantar iad agus dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Cearta Bunúsacha agus Prionsabail ag an Obair agus na hocht groíchoinbhinsiún de chuid EIS á gcomhlíonadh, *maille le hurramú don Bhille Idirnáisiúnta maidir le Cearta an Duine, Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDIRP), Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an*

Eorpaigh, go háirithe toirmeasc ar an sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe. Tá na coimircí íosta sin gan dochar do chur i bhfeidhm ceanglais atá níos déine ná mar a bhí maidir leis an an gcomhshaol, le sláinte agus le sábháilteacht agus le hinbhuanaitheacht shóisialta a leagtar amach i ndlí an Aontais, i gcás inarb infheidhme.

***Oidhreacht Dhomhanda, Chultúrtha agus Nádúrtha a Chosaint, Prionsabail Treoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte OECD maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Prionsabail na Náisiún Aontaithe um Infheistíocht Fhreagrach. Ba cheart d'infheisteoirí aird a thabhairt ar Threoir Díchill Chuí OECD maidir le hIompar Gnó Freagrach (2018). Sa chomhthéacs seo, ciallaíonn dícheall cuí na nósanna imeachta a dhéanann gnóthais chun rioscaí inbhuanaitheachta a chosc, a mhaolú agus a chur san áireamh, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) .../... [IO cuir isteach an tagairt don Rialachán maidir le nochtáí a bhaineann le hinfheistíochtaí inbhuanaithe agus rioscaí inbhuanaitheachta agus a Iarscríbhinn I].***

Sainítear i gcroíchoinbhinsiúin EIS cearta an duine agus cearta saothair atá cuideachtaí ceaptha a urramú. Cumhdaítear roinnt de na caighdeáin idirnáisiúnta sin freisin i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe toirmeasc ar an sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe. Tá na coimircí íosta sin gan dochar do chur i bhfeidhm ceanglais níos déine maidir leis an gcomhshaol, le sláinte agus le sábháilteacht agus le hinbhuanaitheacht shóisialta a leagtar amach i ndlí an Aontais, i gcás inarb infheidhme.

Or. en

**Leasú 108**

**Dimitrios Papadimoulis, Stefan Eck, Luke Ming Flanagan, Stelios Kouloglou, Kostas Chrysogonos**  
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil****A8-0175/2019****Bas Eickhout, Sirpa Pietikäinen**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin****Aithris 24**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(24) Níor cheart a mheas go bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***más mó an dochar a dhéantar don chomhshaol dá barr ná na sochair a thugtar léi***. Ba cheart a aithint leis na critéir scagtha theicniúla na ceanglais íosta is gá chun dochar suntasach do chuspóirí eile a sheachaint. Agus na critéir scagtha theicniúla á mbunú agus á dtabhairt cothrom le dáta, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil na critéir sin bunaithe ar fhianaise eolaíoch atá ar fáil agus go dtugtar cothrom le dáta iad go rialta. I gcás ina bhfágann an mheastóireacht eolaíoch nach féidir an riosca a chinneadh le deimhneacht leordhóthanach, ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal an réamhchúraim, i gcomhréir le hAirteagal 191 CFAE.

(24) Níor cheart a mheas go bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***mura dtugtar léi glansochar don chomhshaol agus chomh maith leis sin, níor cheart go ndéanfaí díobháil léi d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile***. Ba cheart a aithint leis na critéir scagtha theicniúla atá ***bunaithe ar tháscairí comhchuibhithe*** na ceanglais íosta is gá chun dochar suntasach do chuspóirí eile a sheachaint ***agus chun an tionchar diúltach a mheasúnú***. Agus na critéir scagtha theicniúla ***agus táscairí comhchuibhithe*** á mbunú agus á dtabhairt cothrom le dáta, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil na critéir ***agus táscairí sin réasúnach, comhréireach agus bunaithe ar fhianaise eolaíoch atá ar fáil agus go dtugtar cothrom le dáta iad go rialta agus go gcuirtear san áireamh leo an luachshlabhra iomlán agus saolré na dteicneolaíochtaí***. ***Ba cheart go n-áiritheoidh sé go dtugtar cothrom le dáta iad go rialta***. I gcás ina bhfágann an mheastóireacht eolaíoch nach féidir an riosca a chinneadh le deimhneacht leordhóthanach, ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal an réamhchúraim, i gcomhréir le hAirteagal 191 CFAE.

